



Nóta Faisnéise SD 0003/2022

Chuíg: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna, na nIarbhunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta Aitheanta go léir

Treoir nuashonraithe do Scoileanna maidir le Covid-19 i ndiaidh bhriseadh lár téarma 2022.

Sa nóta seo cuirtear an treoir sláinte poiblí nua ón 28 Feabhra 2022 in iúl do scoileanna. Tuigtear go bhféadfadh sé go dteastódh am ó scoileanna chun aon choigeartuithe a dhéanamh ag brath ar a gcúinsí féin. Níltear ag súil go ndéanfar aon obair le linn an bhrisidh lár téarma.

Ar an 21 Eanáir 2022, d'fhógair an Rialtas go raibh roinnt de na bearta sláinte poiblí le maolú. Bhí na bearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe le fanacht i bhfeidhm i suíomhanna scoile go dtí an 28 Feabhra 2022, ionas go mbeadh deis ag gach leanbh in aois scoile vacsaíní Covid-19 a fháil.

Ar an 17 Feabhra 2022, rinne NPHET athbhreithniú ar na bearta sláinte poiblí a bhí fanta, na bearta agus na srianta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe i suíomhanna scoile ina measc.

I ndiaidh breithniú géar a dhéanamh ar na sonraí eipidéimeolaíochta agus ar ábhair eile faoi mar a leagadh amach ina litir den 17 Feabhra 2022, ghlac an Rialtas le moltaí NPHET go mbainfí na srianta atá fanta maidir le caitheamh masc agus scaradh fisiciúil i scoileanna. Más mian le baill foirne nó le scoláirí leanúint orthu ag caitheamh masc nó clúdach, is féidir leo sin a dhéanamh.

Moltar go leanfaí i gcónaí le dea-bhearta um chosc agus rialú ionfhabhtuithe amhail níochán lámh, sláinteachas riospráide, agus aeráil.

Tá comhpháirteanna fíorthábhachtacha den fhreagairt chomhchoiteann do COVID-19 i bhfeidhm i gcónaí, lena n-áirítear féin-aonrú má tá comharthaí á léiriú ag duine (fiú má tá an líon iomlán vacsaíní/teanndáileoga faighte ag an duine sin) nó má fuair duine toradh deimhneach ar thástáil do COVID-19.



Go ginearálta, ba cheart go dtosódh scoileanna anois an athuair ar ghnáthnósanna scoile agus ar ghnáthghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama.

Fanacht sa bhaile má tá comharthaí á léiriú agat

Tá an riachtanas fanacht sa bhaile má tá comharthaí á léiriú agat i bhfeidhm go fóill – do scoláirí agus do bhaill foirne araon. Ceann de na teachtaireachtaí is tábhachtaí maidir le bainistiú rioscaí COVID-19 ná gach rud atá praiticiúil a dhéanamh ionas nach dtabharfar COVID-19 isteach sa scoil. Mura dtugtar isteach an t-ionfhabhtú ní féidir é a scaipeadh.

Sláinteachas Lámh

Ba cheart do scoileanna leanúint orthu ag cur dea-shláinteachas lámh chun cinn. Is féidir sláinteachas lámh a bhaint amach trí lámha a ní nó díghalrán lámh a úsáid (nuair a fhéachann na lámha glan). Beidh maoiniú ar fáil go fóill do scoileanna chun PPE a cheannach, lena n-áirítear díghalrán lámh.

Cumhdaigh aghaidhe/Caitheamh masc:

Ní gá do bhaill foirne ná do dhaltaí/scoláirí cumhdach aghaidhe/masc a chaitheamh ar scoil a thuilleadh. Féadfaidh baill foirne agus scoláirí/daltaí leanúint orthu ag caitheamh cumhdaigh aghaidhe/masc más mian leo ar bhonn pearsanta agus ba cheart go gcuirfeadh scoileanna masc ar fáil go fóill má iarrtar iad faoi mar atá á dhéanamh acu faoi láthair. Cuirfear maoiniú ar fáil go fóill do scoileanna chun cúnamh a thabhairt maidir le ceannach PPE, lena n-áirítear masc,

Iompar scoile agus cumhdaigh aghaidhe/caitheamh masc

Le héifeacht ón Luan an 28 Feabhra ní bheidh sé éigeantach a thuilleadh cumhdaigh aghaidhe/masc a chaitheamh ar iompar scoile ach molfar go fóill iad a chaitheamh. Beidh na bearta eile go léir a bhaineann le sláinteachas (lena n-áirítear díghalrán lámh agus glantachán breise ar sheirbhísí) agus suíochán réamhshannta i bhfeidhm go fóill faoi réir athbhreithniú breise.

Glantachán agus Sláinteachas i scoileanna

Tá maoiniú breise curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais do scoileanna chun tacú leis an nglantachán feabhsaithe a theastaíonn chun rioscaí COVID-19 a mhaolú. Leanfar den mhaoiniú sin don bhliain acadúil seo agus déanfar athbhreithniú air roimh thús na scoilbhliana seo chugainn.



Scaradh Fisiciúil:

- **Bunscoileanna:**

Den chuid ba mhó, ar mhaithe le scaradh fisiciúil a fheidmiú i mbunscoileanna, eagraíodh daltaí agus a gcuid múinteoirí mar Bholgáin Ranga (i.e. rang-ghrúpa a fhanann deighilte ó ranganna eile a oiread agus is féidir) agus grúpaí discréideacha nó 'Faighneoga' laistigh de na bolgáin ranga sin, a oiread agus a bhí sin indéanta.

Aithnítear gur chuir sé sin isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim agus ar an gcaidreamh sóisialta agus ar an meascadh idir ranganna agus bliainghrúpaí agus laistigh díobh. De bhrí nach bhfuil feidhm a thuilleadh le scaradh fisiciúil sa tsochaí, ní gá do scoileanna faighneoga agus bolgáin ranga a bheith acu a thuilleadh.

Beidh sé níos éasca dá bharr sin filleadh ar chómhúinteoireacht, ar spóirt, amhránaíocht agus ceol, clubanna bricfeasta agus ar ghníomhaíochtaí idir scoileanna. Is féidir úsáid a bhaint arís as seomraí feistis, hallaí gleacaíochta, taisceadáin, etc áit a raibh rochtain theoranta ar a leithéidí.

I gcás go raibh amanna agaithe chun daltaí a fhágáil ag an scoil agus a bhailiú ón scoil, nó amanna agaithe i gcomhair sosanna i bhfeidhm ag scoileanna, níl aon ghá leo sin a thuilleadh.

- **Iar-bhunscoileanna:**

San áireamh sa tsraith beart a leagadh amach sa Chreat um scaradh fisiciúil i mbunscoileanna, bhí athchumrú a dhéanamh ar spásanna ranga chun scaradh fisiciúil a uasmhéadú; athbhreithniú a dhéanamh ar thráthchláir; beorshruthú a úsáid laistigh den scoil; agus rochtain a fháil ar spásanna a bhí ar fáil sa phobal áitiúil.

De bhrí nach bhfuil feidhm a thuilleadh leis an riachtanas ginearálta a bhaineann le scaradh fisiciúil sa tsochaí, ní gá do scoileanna na socruithe sin a chur i bhfeidhm a thuilleadh. Más rud é go bhfuil na socruithe sin ag cur as don teagasc agus don fhoghlaim amhail beorshruthú nó srian ar chómhúinteoireacht etc, ba cheart deireadh a chur leo láithreach. Níltear ag súil go ndéanfaí tráthchláir a athshocrú i lár na bliana



Is féidir úsáid a bhaint arís as seomraí feistis, hallaí gleacaíochta, taisceadáin, etc áit a raibh rochtain theoranta ar a leithéidí.

Cuairteoirí ag teacht chuig scoileanna/Cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí

Ní gá a thuilleadh srian a chur le cuairteoirí ag teacht chuig scoileanna agus ba cheart go bhfillfeadh scoileanna ar na gnáthshocruithe i gcomhair cuairteoirí. Sa chomhthéacs sin, ba cheart go gcuirfí tús an athuair le cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí agus i gcás scoileanna nach raibh cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí acu, ba cheart tús a chur leo sin a luaithe agus is féidir. Ba cheart do gach scoil a chinntiú go bhfuil cruinniú tuismitheoirí múinteoirí acu do gach scoilbhliain laistigh den bhliain acadúil seo (nuair nár réachtáladh iad sin roimhe seo).

Foirm um Fhilleadh ar an Obair/ foirm um fhilleadh ar an scoil:

Ní gá do scoileanna a iarraidh ar bhaill foirne ná ar dhaltaí/scoláirí foirm um Fhilleadh ar an Obair nó foirm um Fhilleadh ar an Scoil a chomhlánú nuair a fhilleann siad i ndiaidh saoire/briseadh scoile.

Socruithe maidir le tástáil antaigine do dhaltaí i mbunscoileanna agus i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta)

Mar chuid de na socruithe idirthréimhseacha, leanfaidh FSS ar aghaidh leis na próisis reatha chun tacú le soláthar tástálacha antaigine do bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus suíomhanna cúraim leanaí.

Seo a leanas an uimhir shaorghlao um Antaigin: 1800 110055 nó is féidir le tuismitheoirí tástálacha antaigine a ordú ar líne trí www.hse.ie/schooltest.

Cuirfear athrú beag ar uaireanta oscailte an lárionaid glaonna ón tseachtain seo chugainn ar aghaidh agus beidh sé oscailte ó 8:45am go 6:00pm ó Luan go hAoine (gan laethanta saoire bainc san áireamh). Beidh an tairseach ar líne ag feidhmiú go fóill 24/7 agus beidh sé ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla go luath.

Is ar bhonn deonach a ghlactar páirt i dtástáil antaigine agus dá bhrí sin ní gá do thuismitheoirí eolas a roinnt leis an scoil faoi thástálacha antaigine a bheith iarrtha acu ná chun tástálacha diúltacha antaigine a dheimhniú.



Ba cheart do leanaí nach bhfuil tinn leanúint orthu ag freastal ar an scoil, pé acu an nglacann siad páirt i dtástáil antaigine nó nach nglacann.

Socruithe maidir le measúnú riosca sláinte poiblí do scoileanna speisialta:

I gcás go mbíonn cás deimhneach i scoil speisialta déanfaidh Sláinte Phoiblí measúnú riosca sláinte poiblí má bhí an cás deimhneach i suíomh na scoile le linn na tréimhse tógálaí.

Socruithe solúbthachta maidir le soláthar foirne:

Aithnítear go mbeidh éileamh ar ionadaithe go fóill agus go mbeidh gá le roinnt solúbthachta maidir le socruithe saoire mar gheall ar an gcomhairle sláinte poiblí fanacht sa bhaile má tá comharthaí á léiriú ag duine nó má fuair duine toradh deimhneach ar thástáil do Covid-19. Eiseofar treoir ar leith do scoileanna maidir le socruithe do shaoire thuismitheoireachta.

Uaireanta SET a chur i dtaisce:

Iarrtar ar scoileanna leanúint ar aghaidh agus gach iarracht á déanamh acu múinteoir ionaid a fháil do gach asláithreach mhúinteora. Níor cheart múinteoirí, nach múinteoirí ranga iad, a úsáid ach amháin mar bheart deiridh nuair nach féidir múinteoir ionaid a fháil ó cheann ar bith de na foinsí eile.

Sna cúinsí sin tá an Roinn ag ceadú uaireanta SET a chur i dtaisce ó mhí Eanáir go dtí saoire na Cásca.

Socruithe sealadacha maidir le hionadaíocht éigeandála COVID-19 d'iar-bhunscoileanna

Cuireadh in iúl do scoileanna i Nóta Faisnéise 0026/2021 go bhféadfadh múinteoirí iar-bhunscoile suas le 35 uair an chloig teagaisc sa bhreis a sholáthar idir an 29 Samhain 2021 agus an 28 Feabhra 2022. Chun leanúint ar aghaidh ag cur tacaíochta ar fáil do scoileanna chun teacht ar chlúdach ionadaíochta sna seachtainí seo amach romhainn, tá síneadh á chur leis an bhforáil sin ar feadh tréimhse bhreise, agus ceadáítear suas le 35 uair an chloig teagaisc sa bhreis, le linn na tréimhse idir an 1 Márta 2022 agus an 31 Bealtaine 2022.

Ba cheart fiosruithe a sheoladh chuig Rannóg Párolla Iar-bhunscoile na Roinne Oideachais, Baile Átha Luain ar ríomhphost PPPayroll@education.gov.ie nó



chuig Roinn Acmhainní Daonna an BOO má tá an múinteoir fostaithe i scoil BOO.

Líne chabhrach do scoileanna

Tá líne chabhrach ag an Roinn Oideachais chun tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna le linn Covid-19.

Is iad seo a leanas seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin na líne cabhrach: Covid19_alert@education.gov.ie nó guthán 057 9324461.

Tá an líne seo ag feidhmiú seacht lá na seachtaine ó mhí Eanáir 2022. Tá laghdú suntasach tagtha ar líon na nglanna agus dá bhrí sin tá athbhreithniú tagtha ar fheidhmiú na líne cabhrach. Beidh an líne chabhrach ann go fóill don chuid eile den scoilbhliain seo agus beidh sí ag feidhmiú ó Luan go hAoine 09.00-17.00.

Deirdre Shanley
Rúnaí Cúnta
23 Feabhra 2022